

## CAD IS FÉIDIR LIOM A DHÉANAMH?

Tá go leor gníomhartha ar féidir le pobal na scoile a ghlacadh chun tacú le Sráid Scoile nua. Nuair a thacaíonn pobal scoile le feidhmiú agus oibriú Sráide Scoile tá siad ag tacú le leanaí teacht chun na scoile ar bhealach sábháilte, neamhspleách, inbhuanaithe agus gníomhach trí chur ar a gcumas siúl nó teacht ar rothar nó scútáil i dtimpeallacht gan aon trácht.

Tá teaghlaigh a chónaíonn turas gearr ón scoil á spreagadh chun taisteal chun na scoile go gníomhach le leanaí agus an carr a fhágáil sa bhaile nuair is féidir. Má tá leanbh á thiomáint chun na scoile, d'fhéadfadh an teaghlach smaoineamh ar pháirceáil ag suíomh Páirceáil is Siúl atá i ngar dóibh agus leanúint leis an turas chun na scoile go gníomhach

## CÉN FÁTH A BHFUIL SÉ TÁBHACHTACH?

Trí Shráideanna Scoile saor ó thrácht a chur i bhfeidhm bíonn leanaí ábalta taisteal gníomhach neamhspleách a dhéanamh. Bíonn deis ag daltaí agus pobail taitneamh a bhaint as na buntáistí a bhaineann le cáilíocht aeir níos fearr, sláinte agus folláine fheabhsaithe, deiseanna sóisialta agus timpeallacht níos ciúine timpeall na scoile.

Is é 1.5 km an meánfhad náisiúnta ó bhunscoil in Éirinn, achar is féidir a dhéanamh laistigh de 9 nóiméad ar rothar, nó i 25 nóiméad ag siúl nó ag brú leanaí níos óige i mbugaí. Ach fós tá beagnach 60% de na leanaí bunscoile in Éirinn á dtiomáint chun na scoile gach lá. Cé go gcuimhníonn go leor daoine fásta ar shiúl agus rothaíocht chun na scoile mar ghnáthchuid den óige, léiríonn staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh gur laghdaigh líon na ndaltaí a shiúlann chun na scoile faoi leath, ó bheagán níos lú ná 50% de dhaltaí bunscoile in 1986 go dtí 25% díobh in 2016. Tá turais ghluaisteáin curtha in ionad na dturas gníomhacha sin den chuid is mó.

Tá sé mar aidhm ag SRTS na treochtaí ina bhfuil meath ag teacht ar thaisteal gníomhach chun na scoile a athrú, trí thimpeallachtaí níos ciúine agus níos sábháilte a chruthú os comhair scoileanna agus ar bhealaí chuig scoileanna trí bhonneagar a sholáthar a thacaíonn le siúl agus rothaíocht.





## CONAS TACÚ LE DO SHRÁID SCOILE?

Tá Sráideanna Scoile á gcur i bhfeidhm ag roinnt scoileanna ar fud na hÉireann agus tá go leor bealaí inar féidir le pobal scoile tacú le Sráid Scoile ionas gur féidir le leanaí teacht chun na scoile go sábháilte. Is féidir sráid gan trácht a chur i bhfeidhm lasmuigh den scoil tríd an áit a dhúnadh ag amanna ar leith, chun an timpeallacht is sábháilte agus is féidir a chur ar fáil do dhaltaí agus iad ag dul isteach sa scoil. Tá sé mar aidhm ag an mbróisiúr seo ceisteanna a fhreagairt faoi conas is féidir le pobal scoile tacú le Sráid Scoile.

- Cén fáth a bhfuil trácht ag geataí scoile ina fhadhb?
- Conas a spreagaimid daltaí chun siúil, rothaíocht agus scútáil chun na scoile?
- Conas a úsáidimid an tSráid Scoile nua?

SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE



# TRÁCHT SCOILE

Bíonn trácht os comhair na scoile ina ghuais sábháilteachta agus déanann sé díobháil do chaighdeán an aeir. D'fhéadfadh sé a bheith deacair leanaí a fheiceáil agus iad ag trasnú an bhóthair mar gheall ar thrácht/charranna páirceáilte. Má pháirceálann carr ar cholbha d'fhéadfadh sé bac a chur ar rochtain isteach agus bheith ina chúis le plódú, agus bheadh ar leanaí, pramanna agus cathaoireacha rothaí dul amach ar an mbóthar dá bharr. Má fhágtar inneall ag rith (ag réchasadh) cruthaítear truailliú aeir gan ghá ag geata na scoile agus tá sé díobhálach do shláinte leanaí

# TAISTEAL GNÍOMHACH

Trí Shráid Scoile a chur i bhfeidhm ag scoileanna, cruthaítear deis iontach chun athrú suntasach a dhéanamh ar an gcaoi a dtaistealaíonn daltaí chun na scoile. Má thugtar tús áite do shábháilteacht leanaí trí thimpeallacht gan trácht a chruthú os comhair scoileanna, is féidir difríocht a dhéanamh maidir le líon na dteaghlach a roghnaíonn siúl, brú, scútáil nó rothaíocht chun na scoile.

# ÚSÁID A BHAINT AS AN TSRÁID SCOILE

Beidh Sráid Scoile go hiomlán do choisithe nó cuirfear srian ar rochtain d'fheithiclí le linn an téarma scoile ag amanna socraithe fágála agus bailithe. Tá sé tábhachtach go mbeadh pobal na scoile, agus aon duine a thugann leanaí chun na scoile, ar an eolas faoi am dúnta seasta na Sráide Scoile. Ba chóir do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí a choimeád i gcuimhne nár cheart dóibh cur isteach ar Mhaor Scoile nó ar oibrí deonach atá i bhfeighil ar Shráid Scoile agus gur cheart dóibh cloí le comharthaí bóthair agus aon bhacainn tráchta atá i bhfeidhm i gcónaí.



SRTS

# SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

Seoladh an Clár SRTS i mí an Mhárta 2021 agus bhí deis ag gach scoil in Éirinn iarratas a chur isteach ar uasghráduithe os comhair na scoile chun rochtain níos sábháilte a thabhairt do shiúlóirí, leanaí ar rothair agus gach duine a thagann chun na scoile. Is tionscnamh de chuid na Roinne Iompair é an clár agus tacaíonn an Roinn Oideachais leis. Oibríonn Clár na Scoileanna Glasa an clár seo i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus údaráis áitiúla. Oibríonn Oifigeach Bonneagair tiomnaithe SRTS le scoileanna agus le húdaráis áitiúla le linn an phróisis.

**S:** @SRTS_Ire
**W:** www.greenschoolsireland.org/saferoutestoschool/
**E:** srts@eeu.antaisce.org
**T:** +353 1 400 2222
**A:** EEU An Taisce Unit 5a
Swift's Alley, Francis Street
Dublin, D08TN88
Ireland



Léaráid Ealaíontóra